V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11111 — UBS / CREDIT SUISSE)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 160/08)

1. An 26 Aibreán 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— UBS Group AG ("UBS", an Eilvéis),

— Credit Suisse Group AG ("Credit Suisse", an Eilvéis).

Déanfaidh UBS agus Credit Suisse cumasc iomlán, de réir bhrí Airteagal 3(1)(a) den Rialachán um Chumaisc.

Déantar an comhchruinniú trí chomhaontú cumaisc a mbeidh ionsú Credit Suisse ag UBS mar thoradh air. Is é UBS an t-eintiteas a bheidh fós ann.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is banc infheistíochta ilnáisiúnta agus cuideachta seirbhísí airgeadais é UBS a bunaíodh san Eilvéis, áit a bhfuil a cheanncheathrú, agus tá sé gníomhach ar fud an domhain. Cuimsíonn gnó UBS bainistiú rachmais, bainistiú sócmhainní, seirbhísí baincéireachta infheistíochta agus baincéireacht mhiondíola agus chorparáideach,

— Is banc infheistíochta ilnáisiúnta agus cuideachta seirbhísí airgeadais é Credit Suisse a bunaíodh san Eilvéis, áit a bhfuil a cheanncheathrú, agus tá sé gníomhach ar fud an domhain. Cuimsíonn gnó Credit Suisse bainistiú rachmais, bainistiú sócmhainní, seirbhísí baincéireachta infheistíochta agus baincéireacht mhiondíola agus chorparáideach.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11111 — UBS / CREDIT SUISSE

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË